

LÁMHLEABHAR AN ÚINÉARA

AERCHÓIRITHEOIR



Léigh an lámhleabhair úinéara seo sula n-oibrítear an gléas agus coinnigh in aice leat é an t-am ar fad.

CINEÁL: SUITE AR AN MBALLA

GA GAEILGE

SR SRPSKI

D'fhéadfadh go mbeidh íomhanna nó ábhar sa lámhleabhar seo atá difriuil ón múnla a cheannaigh tú.

Tá an lámhleabhar seo faoi réir athbhreithniú an déantóra.

TREORACHA SÁBHÁILTEACHTA3

 Treoracha Sábháilteachta Tábhachtacha.....3

 Nótaí oibriúcháin.....8

OIBRIÚCHÁN.....9

 Páirteanna agus feidhmeanna.....9

 Cianrialtán gan sreang10

 Ag atosú an aerchóiritheoir go huathoibríoch.....14

 Ag úsáid an fheidhm Modh.....14

 Ag úsáid an fheidhm Mhodh Jet.....16

 Ag úsáid an fheidhm Luas Fean.....17

 Ag úsáid an fheidhm Treo Aer.....17

 Ag socrú an amadóir Air/As18

 Ag úsáid an fheidhm codladh19

 Ag úsáid an fheidhm Sólás As.....19

 Ag úsáid an fheidhm aer compórdach.....19

 Ag úsáid an fheidhm smacht fuinnimh.....20

 Ag úsáid feidhmeanna speisialta.....21

FEIDHMEANNA CLISTE23

 Conas an Feidhmiú LG ThinQ a úsáid23

COTHABHÁIL.....26

 Glan an Scagaire.....27

 Glan an Scagaire mion-deannaigh.....27

 Glan an t-ianaitheoir28

FABHTCHEARTÚ29

Tá na treoirilínte sábháilteachta a leanas dírithe ar baol nó damáiste tobann a sheachaint de bharr oibriúcháin ceann nó fabhtach ar an táirge seo. Tá na treoirilínte roinnte idir "RABHADH" agus "FOLÁIREAMH" de réir cur síos.

 **Taispeántar an comhartha seo i gcomhar oibriúcháin a d'fhéadfadh bheith bainteach le baol. Léigh an chuid ina bhfuil an comhartha seo go cúramach agus lean na treoracha chun baol a sheachaint.**

RABHADH

Léiríonn sé seo gur féidir le gortú nó bás tarlú mura gcloítear leis na treoracha.

FOLÁIREAMH

Léiríonn sé seo gur féidir le gortú éadrom nó damáiste don táirge tarlú mura gcloítear leis na treoracha.

TBileogaispeántar na siombail a leanas in aonaid laistigh agus lasmuigh.

 Léiríonn an siombail seo go n-úsáideann an gléas seo cuisneán inadhaite. Má ligtear cuisneán agus má nochtar é le foinse inadhaite seachtrach, tá riosca dóiteáin ann.

 Léiríonn an siombail seo nach mór an Lámhleabhar Oibríochta a léamh go cúramach.

 Léiríonn an siombail seo gur gá do phearsanra seirbhíse an trealamh seo a láimhseáil de réir treoracha an Lámhleabhair Suiteála.

 Léiríonn an siombail seo go bhfuil eolas ar fáil, amhail an Lámhleabhar Oibríochta nó an Lámhleabhar Suiteála.

Treoracha Sábháilteachta Tábhachtacha

RABHADH

Chun baol pléascadh, tine, báis, turrainge, gortú nó scalladh a sheachaint agus an táirge seo in úsáid agat, lean na treoracha réamhchúraim chomh maith leis an méid seo:

Páistí sa theach

Níl an gléas seo oiriúnach d'úsáid ag daoine (páistí san áireamh) atá míchumas nó cumas laghdaithe acu, nó easpa taithí nó eolais, mura bhfuil siad ollta nó faoi maoirseacht i gcomhar úsáid an gléis seo ag duine freagrach as a s(h)abháilteacht. Ba cheart do pháistí bheith faoi maoirseacht chun cinntiú nach bhfuil siad ag imirt leis an ngléas.

Úsáid in Eoraip:

Is cead ag páistí 8 mbliain d'aois nó níos sine an gléas seo a úsáid, chomh maith le daoine le míchumas nó cumas laghdaithe acu, nó easpa taithí nó eolais, má tá siad ollta nó faoi maoirseacht i gcomhar úsáid an gléis seo ar bhealach sábháilte agus má thuigeann siad na contúirtí bainteach leis. Ní cheadaítear do pháistí imirt leis an ngléas. Níl cead ag páistí an gléas a ghlanadh nó cothabháil an úsáideora a dhéanamh gan maoirseacht.

Suiteáil

- Ná suiteáil an aerchóiritheoir i ndromchla neamh-chothrom nó ina bhfuil sé i mbaol titim.
- Labhair le hionad seirbhíse ceadaithe agus tú ag suiteáil nó ag bogadh an aerchóiritheoir.
- Déan an painéal agus clúdach an bosca rialaithe a shuiteáil go sábháilte.
- Ná suiteáil an aerchóiritheoir in aice le leacht nó gás inlasta ar nós gásailín, própán, caolaitheoir srl.
- Cinntigh go bhfuil an píob agus an cábla cumhachta ag ceangail an dá aonad - laistigh agus amuigh faoin aer - le chéile agus nach bhfuil siad ró chúng nuair a shuiteálann tú an aerchóiritheoir.
- Úsáid scoradán ciorcaid agus aidhnín caighdeánach chun cloígh le ráta an aerchóiritheora.
- Ná scaoil aer nó gás isteach sa chóras mura bhfuil an cuisneán oiriúnach ann.
- Úsáid gás neamh-inlasta (nítrigin) chun ligean a lorg agus chun aer a scaoileadh; d'fhéadfadh le haer comhbhrúite tine nó pléascadh a spreagadh.
- Is gá do na ceangail laistigh/amuigh a bheith ceangailte go dian, agus ba cheart don sreang bheith suite gan é a tharraingt ó na teirminéalaigh. D'fhéadfadh le ceangal míchúramach scaoilte tine a chruthú.
- Déan asraon leictreach tiomnaithe a shuiteáil sula n-úsáidtear an aerchóiritheoir.
- Ná ceangail an sreang thalmhaithe le píoba gáis, greille shoilsithe nó sreang thalmhaithe teileafóin.
- Coimeád aon oscailt aeráilte atá riachtanach glan ó bhac.
- Caithfear go mbeadh modh díscóir comhsnaidhmthe leis an sreangú seasta de réir na rialacha sreangaithe.

Oibriúchán

- Ná úsáid ach na páirteanna liostáilte sa liosta pháirteanna an seirbhíse. Ná hathraigh aon rud ar an trealamh.
- Cinntigh gan páistí bheith in aice leis ag dreapadh nó ag pleidhcíocht leis an aonad amuigh.

- Cinntigh nach bhfuil aon baol dóiteáin nuair a chaitheann tú an candhra sa bhruscar.
- Ná bain úsáid as cuisneán eile seachas an ceann sonraithe sa lipéad an aerchóiritheora.
- Cas as an cumhacht má tá aon torann, boladh nó deatach ag teacht as an aerchóiritheoir.
- Ná cuir substaint inlasta ar nós gásailín, beinséin nó caolaitheoir in aice an aerchóiritheoir.
- Labhair le hionad seirbhíse ceadaithe má tá an aerchóiritheoir riamh faoin uisce.
- Ná húsáid an aerchóiritheoir ar tréimhse ró-fhada in áit cúng gan aeráil.
- Má ligtear gáis (ar nós Freon, gás própáin, gás LP, srl) cuir go leor aeráil sula n-úsáidtear an aerchóiritheoir arís.
- Chun é a ghlanadh taobh istigh, labhair le hionad seirbhíse ceadaithe. D'fhéadfadh le glantach trom damáiste a dhéanamh ar an aonad.
- Cinntigh go bhfuil go leor aeráil ann nuair a n-úsáidtear aerchóiritheoir agus uirlis téimh san am céanna.
- Ná blocáil an inraon nó an asraon aer.
- Ná cuir do lámha nó rudaí eile tríd an inraon nó asraon aer nuair atá an aerchóiritheoir ag obair.
- Cinntigh go bhfuil an sreang cumhachta glan, daingean agus gan briseadh.
- Ná tadhaill, ná oibrigh agus ná deisigh an aerchóiritheoir le do lámha fliuch.
- Ná cuir aon rud sa sreang cumhachta.
- Ná cuir téitheoir nó gléasanna téimh eile in aice leis an sreang cumhachta.
- Ná athraigh nó fairsingigh an sreang cumhachta. Má tá sreang cumhachta scrafa nó ag scamhadh d'fhéadfadh turraing tarlú, agus is gá an sreang a athrú.
- Cas as an cumhacht láithreach má tharlaíonn lándorchú nó stoirm thoirní.
- Cinntigh nach féidir an cábla cumhachta a tharraingt amach nó damáiste a dhéanamh dó agus an gléas á oibriú.
- Ná teagmhaigh leis na bpíopa cuisneáin ná leis an bpíopa uisce ná le haon pháirteanna inmheánacha eile nuair atá an t-aonad ag obair nó díreach tar éis dó a bheith ag obair.

Cothabháil

- Sula nglantar nó sula ndéantar cothabháil, dícheangail an soláthair cumhachta agus fan go dtí go stopann an fean.
- Ná glan an gléas le sprae uisce díreach ar an ngléas.

Sábháilteacht Theicniúla

- D'fhéadfadh le suiteáil nó deisiú déanta ag daoine neamh-cheadaithe bheith dáinséarach duit agus do dhaoine eile.
- Ba cheart go mbeadh teastas bailí reatha ó údarás measúnaithe creidiúnaithe ag an tionscal, a thugann cead don inniúlacht i dtaca le cuisneáin a láimhseáil go sábháilte de réir sonraíochta measúnaithe atá aitheanta ag an tionscal, ag aon duine a dhéanann obair ar chiorcad cuisneáin nó a bhriseann isteach ann.
- Ní dhéanfar seirbhísiú ach amháin mar a mholann an déantóir trealaimh. Déanfar cothabháil agus deisiú, a dteastaíonn cúnamh ó phearsanra oilte eile lena n-aghaidh, faoi mhaoirseacht an duine sin atá inniúil in úsáid chuisneán inlasta.
- Tá an t-eolas sa lámhleabhar seo dírithe ar úsáid ag teicneoir cáilithe seirbhíse atá cleachta leis na bearta sábháilteachta agus atá na uirlisí cearta agus tástála aige/aici.
- Mura léitear gach treoir sa lámhleabhar seo, d'fhéadfadh leis bheith mar chúis ar oibriúchán fabhtach, damáiste, gortú agus/nó bás.
- Is gá an gléas a shuiteáil de réir na rialacháin sreang náisiúnta.
- Nuair is gá an corda cumhachta a athrú, déanfar daoine ceadaithe é, leis na páirteanna dílis.
- Déantar an talmhú i gceart chun baol turraing a ísliú.
- Ná gearr agus ná bain an beangán talmhaithe ón bplug.
- Ná ceanglaítear an teirminéalach talmhaithe chuibhithe leis an scriú clúdach an balla chun an gléas a thalmhú. Is gá scriú miotal gan insliú a úsáid, agus déantar an gabhdán balla a thalmhú tríd an sreangú baile.
- Má tá tú éiginnte ó thaobh talmhú an aerchóiritheora, labhair le leictreoir cáilithe chun an gabhdán balla agus an ciorcad a sheiceáil.
- Is gá duit bearta speisialta a ghlacadh chun an cuisneán agus an gás inslithe a chaitheamh sa bhruscar i gceart. Labhair le gníomhaí seirbhíse nó duine cáilithe eile sula gcaitear iad amach.
- Má tá damáiste sa chorda, is gá é a athrú le cabhair an déantóra nó gníomhaí seirbhíse nó duine cáilithe eile chun guais a sheachaint.
- Déanfar an fearas a stóráil i limistéar atá aeráilte go maith, mar a bhfuil méid an tseomra ag teacht le hachar an tseomra atá sonraithe maidir leis an oibriúchán.
- Déanfar an fearas a stóráil i seomra nach bhfuil lasracha gan chosaint ag lasadh an t-am ar fad ann (mar shampla, fearas gáis ag oibriú) nó foinsí adhainte (mar shampla téiteoir leictreach ag oibriú).
- Déanfar an fearas a stóráil sa chaoi nach ndéanfar aon damáiste meicniúil air.

FOLÁIREAMH

Chun baol gortaithe, fabht nó damáiste a íslíú agus an gléas seo in úsáid agat, lean na bearta réamhchúraim, chomh maith leis an méid seo:

Suiteáil

- Ná déan an aerchóiritheoir a shuiteáil i limistéar ina bhfuil sé i dteagmháil díreach le gaoth mara (salann).
- Déan an píobán draenála a shuiteáil i gceart chun an comhdhlútu uisce a scaoileadh de réir a chéile.
- Bí cúramach nuair a bhaineann tú an aerchóiritheoir as an bpacáiste agus nuair a shuiteálann tú é.
- Ná tadhaill ar an cuisneán ligthe i rith suiteáil nó deisiú.
- Aistrigh an aerchóiritheoir le beirt nó níos mó daoine nó bain úsáid as forcardaitheoir.
- Déan an aonad amuigh a shuiteáil ionas go bhfuil sé cosanta ó sólás díreach na gréine. Ná cuir an aonad laistigh i dteagmháil díreach le sólás na gréine tríd an bhfuinneóg.
- Caith an pacáiste sa bhruscar go sábháilte, go háirithe scríúnna, tairní agus cadhnra. Úsáid málaí oiriúnacha tar éis suiteáil nó deisiú.
- Déan an aerchóiritheoir a shuiteáil cosanta ó torann ón aonad amuigh, só ní chuirfidh sé isteach ar na comharsanna. Mura ndéantar é d'fhéadfá coimhlint a chothú leis na comharsanna.

Oibriúchán

- Bain an cadhnra as an cianrialtán mura n-úsáidtear é thar tréimhse fada.
- Cinntigh go bhfuil an scagaire suiteáilte sula n-osclaítear an aerchóiritheoir.
- Bí cinnte seiceáil má tá sceitheadh cuisneán tar éis an aerchóiriúchán a shuiteáil nó a dheisiú.
- Ná cuir aon rud san aerchóiritheoir.
- Ná measc cadhnraí éagsúla, nó cadhnra nua le sean-chadhnra don cianrialtán.
- Ná lig don aerchóiritheoir bheith ag obair ar tréimhse ró-fhada gan stad nuair atá an aimsir fliuch nó nuair atá doras/fuinneog ar oscailt.

- Ná húsáidtear an cianrialtán má tá aon leacht ligthe sa chadhnra. Má tá do chraiceann nó éadaí i dteagmháil leis an leacht ligthe, nigh le huisce glan.
- Ná cuir daoine, ainmhithe, nó plandaí in aice an aer ró-fhuar nó ró-the ar tréimhse ró-fhada.
- Má slogtar an leacht ligthe, nigh béal le huisce agus faigh cúram liachta.
- Ná hól an uisce draenáilte ón aerchóiritheoir.
- Ná húsáidtear an gléas chun bia a leasú, ealaín a dhéanamh, srl. Is gnáth-aerchóiritheoir atá ann, ní oibríonn sé mar chóras fuarthú dian. Tá baol damáiste nó cailliúint.
- Ná athluchtaigh nó dídhíolaim an cadhnra.

Cothabháil

- Ná tadhaill na páirteanna miotal an aerchóiritheora agus tú ag baint an scagaire as.
- Úsáid stól nó dréimire chun glanadh, cothabháil agus deisiú má tá an aerchóiritheoir ró-ard.
- Ná húsáidtear glantach nó caolaitheoir trom chun an aerchóiritheoir a ghlanadh, nó sprae uisce. Úsáid éadach bog.


Nótaí oibriúcháin

Moltaí chun Fuinneamh a Shábháil

- Ná fuaraigh an iomarca. D'fhéadfadh leis bheith díobhálach don sláinte agus úsáidtear níos mó leictreachas.
- Blócaíl sólas na gréine le cuirtíní agus tú ag oibriú an aerchóiritheoir.
- Coinnigh doirsí agus fuinneóga dúnta go maith agus tú ag oibriú an aerchóiritheoir.
- Athraigh an treo aer go hingireach nó go cothrománach chun aer a chiorclú laistigh.
- Cuir luas leis an fean chun aer a fhuarú nó a théamhú laistigh ar tréimhse gearr.
- Oscail fuinneoga go minic. D'fhéadfadh leis an caighdeán aer laistigh ísliú má úsáidtear an aerchóiritheoir ar tréimhse fada.
- Glan an scagaire aer gach dara seachtain. D'fhéadfadh le deannach agus salachar eile bailithe ag an scagaire an aer a bhlocáil nó moill a chur leis an fuarthú/díthaisiú.


Páirteanna agus feidhmeanna

Aonad laistigh




- 1 Cnaipe Air/As
- 2 Glacadóir Comhartha
- 3 Lampa Oibríochta
- 4 Ianaitheoir
- 5 Sraonaire aer (ingireach)
- 6 Sraonaire aer (cothrománach)
- 7 Asraon aer
- 8 Scagaire mion-deannaigh
- 9 Scagaire Aer
- 10 Painéal Tosaigh

Aonad Amuigh



- 1 Píobra an Fhuartháin
- 2 Osán Draenála
- 3 Sreang Ceangail
- 4 Pláta Boinn
- 5 Gaothaire Asraon Aer
- 6 Gaothaire Iontógála Aer

Scáthlán Scáileáin Laistigh




- 1 Teocht Inmhianaithe / Teocht an tSeomra
- 2 Air/As
- 3 Wi-Fi
- 4 Díreoigh / Preheating
- 5 Amadóir

Cianrialtán gan sreang


Ag cur cadhnra leis

Is gá cadhnra a athrú nuair a thosaíonn an méid sa scáthlán an cianrialtáin ag imeacht. Cuir candhra AAA (1.5 V) leis sula n-úsáidtear an cianrialtán.

- 1 Bain an clúdach cadhnra.



- 2 Cuir an cadhnra nua leis agus cinntigh go bhfuil na teirminéalacha + agus - suiteáilte i gceart.



Ag suiteáil an Coiméadán Cianrialtáin


Chun an cianrialtán a chosaint, déan a choiméadán a shuiteáil agus coinneigh é ó solás na gréine.

- 1 Roghnaigh suíomh sábháilte atá éasca duit.
- 2 Ceangail an coiméadán le 2 scriú go cúng. Bain úsáid as scriúire.



Modh oibrióchta

Dírigh an cianrialtán chuig an glacadóir comharthaí ar taobh dheis an aerchóiritheora chun é a oibriú.




NOTE

- D'fhéadfadh leis an cianrialtán gléasanna leictreonacha eile a oibriú má dhirítear é chucu. Cinntigh go bhfuil sé dírithe chuig an aerchóiritheoir.
- Chun é a oibriú i gceart, úsáid éadach bog chun an tras-seolaí agus glacadóir a ghlanadh.
- Mura bhfuil feidhm faoi leith á soláthair ag an táirge, ní dhéanann sé torann dordánaí nuair a bhrúitear cnaipe don fheidhm sin, seachas i gcás an Treo Sruth Aer (SWING), agus Íonúchán Aer (A+).

Ag socrú ama

- 1 Cuir cadhnra leis.
 - Beidh an íocón atá faoin scáthlán ag caochaíl.



- 2 Brúigh ☐ nó ☐ chun na nóiméad a roghnú.
- 3 Brúigh **SET/CANCEL** chun críochnú.

NOTE

- Tá an amadóir Air/As ar fáil tar éis an am a shocrú.

Feidhm °C/°F tiontú


Athraíonn an fheidhm sin an aonad idir °C agus °F

- Brúigh agus coinnigh brúite an cnaipe  ar 5 shoicind.


Ag oibriú an aerchóiritheoir gan cianrialtán

Is féidir leat an cnaipe **ON/OFF** an aonad laistigh a úsáid chun an aerchóiritheoir a oibriú mura bhfuil cianrialtán ar fáil.


- 1 Oscail an painéal tosaigh.
 - Ardaigh an dá thaobh an clúdaigh beagáinín.



- 2 Brúigh an cnaipe **ON/OFF**.



- 3 Dún an painéal tosaigh chomh luath agus a chasann tú an cnaipe **ON/OFF**.
 - Ardaigh an painéal ar an dá thaobh beagáinín.




- Le haghaidh samhltáin fuaraithe agus téimh, athraíonn an modh oibriochta ag brath ar theocht an tseomra.

T. An tSeomra	Socr. T.	Modh Oibriochta
Faoi 21°C	24°C	Oibriocht Téimh
Os cionn 21°C agus faoi bhun 24°C	23°C	Oibriocht Díthaisithe
Os cionn 24°C	22°C	Oibriocht Fuaraithe


- I gcomhair samhltáin fuarthú amháin, socraítear an teocht go 22 °C

Ag úsáid Cianrialtán gan sreang

Is féidir an aerchóiritheoir a oibriú go héasca le cianrialtán.



1 Button	2 Display Screen	Cur síos
	-	Chun an aerchóiritheoir a chasadh air/as.
 	88 °C	Chun teocht an seomra a athrú sa mhodh fuarthú, téamhú nó uath-athrú.
MODE		Chun an mhodh fuarthú a roghnú. (P.14)
		Chun an mhodh téamhú a roghnú. (P.15)
		Chun an mhodh díthaisiúcháin a roghnú. (P.15)
		Chun an mhodh feain a roghnú. (P.15)
		Chun an mhodh oibriúcháin uath-athrú a roghnú. (P.16)
JET MODE		Chun teocht an seomra a athrú go gasta. (P.16)
FAN SPEED		Chun luas feain a roghnú. (P.17)
 		Chun treo an aer a athrú go hingireach nó go cothrománach. (P.17)
	 ON OFF	Chun an aerchóiritheoir a chasadh air/as go huathoibríoch ag am faoi leith. (P.18)
SET/ CANCEL	-	Chun na feidhmeanna faoi leith a shocrú/ ceal agus amadóir.
	-	Chun socruithe a chealú. (P.18)
 	-	Chun am a roghnú.



1 Button	2 Display Screen	Cur síos
LIGHT OFF	-	Chun gile an scáthláin san aonad laistigh a shocrú. (P.19)
ROOM TEMP		Chun teocht an seomra a thaispeáint.
°C ↔ °F [5 s]		Chun aonad a athrú idir °C agus °F (P.11)
COMFORT AIR		Chun aershreabh a athrú nó gaoth a sraonadh. (P.19)
ENERGY CTRL		Chun smacht a chur ar úsáid fuinnimh. (P.20)
DIAGNOSIS [5 s]	-	Chun féachaint ar eolais cothabhála an gléis go héasca. (P.25)
		Baineann an gineadóir ian leas as na milliúin ian chun cuidiú le feabhsú na hearcháilíochta laistigh. (P.21)
		Chun torann a ísliú ón aonad amuigh. (P.22)
		Chun íostheocht a choinneáil sa seomra agus gan rudaí atá sa seomra a reo. (P.22)
		Chun tais ginithe taobh istigh den aonad laistigh a bhaint. (P.22)
RESET	-	Chun socruithe an cianrialtáin a thosú.

NOTE


- Brúigh an cnaipe **SET/CANCEL** chun an **FUNC** roghnaithe a oibriú.

Ag atosú an aerchóiritheoir go huathoibríoch


Nuair atá an aerchóiritheoir casta air arís tar éis cliseadh cumhachta, athshlánann an feidhm sin na socruithe níos sine.

Ag díchumasú an atosú uathoibríoch

- Oscail an painéal tosaigh.
 - Ardaigh an dá thaobh an clúdaigh beagáinín.



- Brúigh an cnaipe **ON/OFF** agus coinnigh brúite é ar 6 shoicind. Déanfaidh an aonad 'beep' dhá uair agus beidh an lampa ag bobáil 4 uair.
 - Chun an fheidhm a chumasú, brúigh an cnaipe **ON/OFF** agus coinnigh brúite é ar 6 shoicind. Déanfaidh an aonad 'beep' dhá uair agus beidh an lampa ag bobáil 4 uair.




NOTE

- D'fhéadfadh leis an gné sin athrú de réir samháltán.
- Má bhrúitear agus coinnítear an cnaipe **ON/OFF** ar 3-5 shoicind, seachas 6 shoicind, athrófar an aonad go hoibriúcháin tástála. San oibriúcháin tástála, scaoileann an aonad aer fuar go láidir ar 18 nóiméad agus filleann sé go socruithe réamhshocraithe.

Ag úsáid an fheidhm Modh


Cabhraíonn an fheidhm seo feidhm a roghnú.

Modh Fuarthú agus Téamhú



Modh Fuarthú


- Cas an gléas air.
- Brúigh an cnaipe **MODE** cúpla uair chun an Modh Fuarthú a roghnú.
 - mar a thaispeánann an scáthlán.



- Press nó chun teocht a athrú.

Modh Téamhú


- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe **MODE** cúpla uair chun an Modh Téamhú a roghnú.
 - ☀️ mar a thaispeánann an scáthlán.



- 3 Press (▲) nó (▼) chun teocht a athrú.

NOTE

- Taispeánfar ☹️ san aonad laistigh Nuair atá díreo ar siúil.




- Chomh maith leis, taispeánfar an comhartha seo san aonad laistigh:
 - Nuair atá réamhthéamh ar siúil.
 - Tar éis don teocht sa seomra teacht ar an teocht socraithe.

Modh díthaisiúcháin

Baineann an modh seo an tais sa bhreis ó timpeallacht tais nó i rith tréimhse báistí, chun fad easna a sheachaint. Athraíonn an modh seo teocht an seomra agus luas feain go huathoibríoch chun leibhéal tais compórdach a choinneáil ann.

- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe **MODE** cúpla uair chun an Modh díthaisiúcháin a roghnú.
 - 💧 mar a thaispeánann an scáthlán.



NOTE

- Sa mhodh seo ní féidir teocht an seomra a athrú, mar tá sé réamhshocraithe.
- Ní taispeánfar teocht an seomra sa scáthlán.

Modh Fean

Cursaíonn an an mód seo an aer laistigh sa seomra gan an teocht a athrú.

- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe **MODE** cúpla uair chun an Modh feain a roghnú.
 - 🌀 mar a thaispeánann an scáthlán.




- 3 Brúigh an cnaipe **FAN SPEED** chun luas an feain a athrú.

Modh Uath-Athrú

Athraíonn an modh seo an mhodh go huathoibríoch chun an teocht a choinneáil ar $\pm 2^\circ\text{C}$

- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe **MODE** cúpla uair chun an Modh Uath-Athrú a roghnú.
 - **A** mar a thaispeánann an scáthlán.



- 3 Press **▲** nó **▼** chun teocht a athrú.
- 4 Brúigh an cnaipe **FAN SPEED** chun luas an feain a athrú.

Ag úsáid an fheidhm Mhodb Jet

Ag athrú teocht an seomra go gasta.

Cabhraíonn an fheidhm seo aer a fhuarthú laistigh sa samhradh nó a théamhú sa gheimhreadh.

- Modh Fuarthú agus Téamhú: Tá an fheidhm Mhodb Jet ar fáil le Fuarthú, Téamhú agus Díthaisiúcháin.

- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe **MODE** cúpla uair chun an Modh atá uait a roghnú.
- 3 Brúigh an cnaipe **JET MODE** .
 - **Po** mar a thaispeánann an scáthlán.



NOTE

- Sa Mhodb Jet, Séideann aer go láidir ar feadh 30 nóiméad.
- Tar éis 30 nóiméad, beidh teocht socraithe 18°C aige.
Más mian leat an teocht a athrú, brú an cnaipe **▲** nó **▼** chun an teocht atá uait a shocrú.
- Sa Mhodb Jet Téamhú, Séideann aer go láidir ar feadh 30 nóiméad.
- Tar éis 30 nóiméad, beidh teocht socraithe 30°C aige.
Más mian leat an teocht a athrú, brú an cnaipe **▲** nó **▼** chun an teocht atá uait a shocrú.

Ag úsáid an fheidhm Luas Fean

Ag roghnú Luas Fean

- Brúigh an cnaipe **FAN SPEED** cúpla uair chun luas an feain a athrú.

Scáthlán	Luas
	Ard
	Meánach - Ard
	Meánach
	Meánach - Íseal
	Íseal
-	Gaoth nádúrtha

NOTE

- Ceartaíonn luas an ghaothráin uaidh féin.



- Taispeántar na íocóin an feain ar aonaid laistigh áirithe.

F1 → F2 → F3 → F4 → F5

- Taispeántar an aonad ar 5 soic amháin agus filleann sé go teocht réamhshocraithe ar samhaltáin áirithe.

Ag úsáid an fheidhm Treo Aer

Athraíonn an fheidhm seo treo an aer go hingireach (go cothrománach).

- Brúigh an cnaipe cúpla uair chun an treo a roghnú.

–Roghnaigh chun treo an aer a shocrú go huathoibríoch.

NOTE

- D'fhéadfadh gan an athrú treo bheith ar fáil, de réir samháltán.
- D'fhéadfadh le hathrú sraonaire aer bheith mar chúis ar fabht sa ghléas.
- Má atosáíonn tú an aerchóiritheoir, tosaíonn sé ag oibriú leis an treo aer socraithe roimhe, só d'fhéadfadh gan an sraonaire aer an íocón a mheaitseáil sa cianrialtán. Nuair a tharlaíonn sé, brúigh an cnaipe or chun an treo aer a roghnú arís.
- D'fhéadfadh leis an fheidhm seo oibriú go héagsúil ón scáthlán an cianrialtáin.


Ag socrú an amadóir Air/As

Socraíonn an fheidhm seo an aerchóiritheoir chun casadh air go huathoibríoch am éigin.

Is féidir Amadóir Air/As a shocrú le chéile.

Ag socrú an amadóir Air

- 1 Brúigh an cnaipe  cúpla uair.
 - Beidh an íocón atá faoin scáthlán ag caochail.




- 2 Brúigh  nó  chun na nóiméad a roghnú.

- 3 Brúigh **SET/CANCEL** chun críochnú.
 - Tar éis an amadóir a shocrú, taispeánfar an t-am reatha agus an íocón **ON** sa scáthlán, agus beidh an t-am socraithe.

Ag cealú an amadóir Air


- 1 Brúigh an cnaipe  cúpla uair.
 - Beidh an íocón atá faoin scáthlán ag caochail.



- 2 Brúigh **SET/CANCEL** chun socrú a chealú.

Ag socrú an amadóir As

- 1 Brúigh an cnaipe  cúpla uair.
 - Beidh an íocón atá faoin scáthlán ag caochail.



- 2 Brúigh  nó  chun na nóiméad a roghnú.


- 3 Brúigh **SET/CANCEL** chun críochnú.
 - Tar éis an amadóir a shocrú, taispeánfar an t-am reatha agus an íocón **OFF** sa scáthlán, agus beidh an t-am socraithe.

NOTE

- Bíonn an fheidhm sin díchumasaithe nuair a shocraíonn tú an Amadóir Simplí.

Ag cealú an amadóir As

- 1 Brúigh an cnaipe  cúpla uair.
 - Beidh an íocón atá faoin scáthlán ag caochail.



- 2 Brúigh **SET/CANCEL** chun socrú a chealú.

Ag cealú socrú an amadóir

- Brúigh an cnaipe  chun gach socruithe a chealú.

Ag úsáid an fheidhm codladh

Casann an fheidhm sin an aerchóiritheoir as go huathoibríoch nuair a théann tú i do chodladh.

- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe  cúpla uair.
 - Beidh an íocón atá faoin scáthlán ag caochaíl.



- 3 Brúigh an cnaipe  or  chun an uair a roghnú (suas go 7 n-uaire).
- 4 Brúigh **SET/CANCEL** chun críochnú.
 -  mar a thaispeánann an scáthlán.

NOTE

- Taispeánfar  ar cúpla aonaid laistigh.
- Taispeánfar an aonad ó 1H go 7H díreach ar 5 soic agus filleann sé chuig an teocht réamhshocraithe.
- Sa mhodh Dithaisiúcháin agus Fuarthú, ardaíonn an teocht ar 1 °C amháin tar éis 30 nóiméid agus 1 °C eile tar éis 30 nóiméad eile chun codladh compórdach duit.
- Ardaíonn an teocht suas go 2 °C ón teocht a bhí socraithe.
- Cé gur féidir leis an luas feain sa scáthlán bheith athraithe, roghnaítear luas an feain go huathoibríoch.

Ag úsáid an fheidhm Sólás As

Taispeáin Gile Scáthláin

Is féidir an gile a shocrú don scáthlán an aonaid laistigh.

- Brúigh an cnaipe **LIGHT OFF**.

NOTE


- Cas ar/as an scáileán Taispeáin.

Ag úsáid an fheidhm aer compórdach

Oibriúchán Eite Compórd

Socraíonn an fheidhm seo an eite go héasca go suíomh réamhshocraithe chun an aer soláthraithe a sraonú ó dul díreach go dtí na daoine sa seomra.

- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe **COMFORT AIR** cúpla uair chun an treo atá uait a roghnú.
 -  nó  mar a thaispeánann an scáthlán.




NOTE

-  nó  mar a thaispeánann cúpla aonaid laistigh.
- Tá an fheidhm seo díchumasaithe nuair a bhrúitear **MODE** nó **JET MODE**.
- Tá an fheidhm seo díchumasaithe agus socraítear an uath-athrú treo ingearach nuair a bhrúitear .
- Nuair atá an fheidhm seo as, oibríonn an eite cothrománach go huathoibríoch de réir an mhodh socraithe.

Ag úsáid an fheidhm smacht fuinnimh

- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe **ENERGY CTRL** .
 - Brúigh an cnaipe **ENERGY CTRL** cúpla uair chun gach céim a roghnú.



NOTE

- Céim 1: Íslíonn an ionchur cumhachta 20 % i gcomparáid leis an ionchur cumhachta ann.
— 80 % mar a thaispeánann an scáthlán.
- Céim 2: Íslíonn an ionchur cumhachta 40 % i gcomparáid leis an ionchur cumhachta ann.
— 60 % mar a thaispeánann an scáthlán.
- Céim 3: Íslíonn an ionchur cumhachta 60 % i gcomparáid leis an ionchur cumhachta ann.
— 40 % mar a thaispeánann an scáthlán.
- Tá an fheidhm seo ar fáil leis an Mhódh Fuarthú.
- D'fhéadfadh leis an toilleadh íslíú nuair a roghnaítear an mhodh Smacht Cumhachta.
- Taispeánfar an teocht atá uait 5 soic má bhrúitear **FAN SPEED**, or .
- Taispeánfar an teocht atá uait 5 soic má bhrúitear **ROOM TEMP**

Ag úsáid feidhmeanna speisialta

- 1 Cas an gléas air.
- 2 Brúigh an cnaipe **FUNC** cúpla uair chun an fheidhm atá uait a roghnú.
- 3 Brúigh **SET/CANCEL** chun críochnú.



Scáthlán	Cur síos
	Baineann an gineadóir ian leas as na milliúin ian chun cuidiú le feabhsú na hearcháilíochta laistigh. (P.21)
	Chun torann a ísliú ón aonad amuigh. (P.22)
	Chun íostheocht a choinneáil sa seomra agus gan rudaí atá sa seomra a reo. (P.22)
	Chun tais ginithe taobh istigh den aonad laistigh a bhaint. (P.22)

NOTE

- D'fhéadfadh le cúpla feidhm gan bheith ar fáil de réir an samháltán.
- D'fhéadfadh leis an fheidhm seo oibriú go héagsúil ón scáthlán an cianrialtáin.

Ag cealú feidhmeanna speisialta

- 1 Brúigh an cnaipe **FUNC** cúpla uair chun an fheidhm atá uait a roghnú.
- 2 Brúigh **SET/CANCEL** chun feidhm a chealú.

Ag úsáid an fheidhm Íonúcháin Aer

Soláthraíonn na feidhmeanna sin aer úr tríd cáithníní iain agus scaigaire.

Feidhm	Scáthlán	Cur síos
Ianaitheoir		Glanann na cáithníní iain san ianaitheoir na baictéir agus salachar dáinséaracha eile.
Plasma		Baineann sé salachar micreascópacha ón aer iontógáilte go hiomlán chun aer úr glan a sholáthair.


NOTE

- Is féidir an fheidhm seo a úsáid gan an aerchóirítheoir a chasadh as.
- Lasann na lampaí plasma agus fuarthú le chéile nuair atá an Deatach Amach/Plasma ag oibriú i roinnt de na samháltáin.
- Ná tadhaill ar an ianaitheoir i rith oibriúcháin.
- D'fhéadfadh leis an fheidhm seo oibriú go héagsúil ón scáthlán an cianrialtáin.

Ag úsáid an fheidhm Tost

Tá an fheidhm seo ann chun torann a sheachaint agus gan cur isteach ar chomharsanna.

-  mar a thaispeánann an scáthlán.




NOTE

- Tá an fheidhm seo díchumasaithe nuair a bhrúitear **MODE** nó **ENERGY CTRL** nó **JET MODE**.
- Tá an fheidhm seo ar fáil le Fuarthú, Téamhú, Uath-athrú, Modh Uath-oibriúcháin.

Ag úsáid an fheidhm Téamhú Íseal

Oibríonn an fheidhm seo an córais téimh chun íostheocht a choinneáil sa seomra agus gan rudaf atá sa seomra a reo nuair atá an áit folamh, ar nós i rith laethanta saoire.

-  LH mar a thaispeánann an scáthlán.




NOTE

- Tá an fheidhm seo ar fáil leis an Mhód Téamhú.
- I rith oibriúcháin téamhú íseal, nuair a bhrúitear cnaipe ar nós   **MODE**, **FAN SPEED**, agus ansin téann ar ais go Modh Téamhú, 30 °C ar ardluas.
- Má tá an cnaipe **JET MODE** brúite i rith oibriúcháin LH, díchumasaithe an fheidhm seo agus tosalonn Modh Téamhú Cumhachta láithreach. (don samhltán téamhú cumhachta amháin)
- I gcás earráide, is féidir an oibriúchán a stopadh ar mhaitheas saol an gléis.
- Ní féidir **COMFORT AIR** agus  a úsáid nuair atá an fheidhm LH ag oibriú.

Ag úsáid an fheidhm Uath-ghlanadh

Sa Mhód Fuarthú agus Díthaisiúcháin, ginítear tais taobh istigh den aonad laistigh. Baineann an fheidhm seo aon tais atá ann.

-  mar a thaispeánann an scáthlán.



NOTE


- Ní féidir roinnt feidhmeanna a úsáid nuair atá an fheidhm Uath-ghlanadh ag oibriú.
- Má chasann tú as an cumhacht, oibríonn an feain ar 30 nóiméad agus glanann sé an aonad laistigh ar an taobh istigh.

Conas an Feidhmiú LG ThinQ a úsáid


Rudaí le seiceáil sula n-úsáidtear LG ThinQ

- Le haghaidh fearais leis an lógó  nó **ThinQ**
- Seiceáil an t-achar idir an gléas agus an ródaire gan sreang (gréasán Wi-Fi).
 - Má tá an t-achar idir do ghléas agus an ródaire gan sreang ró-mhór, bíonn an comhartha lag. D'fhéadfadh leis an gclárúchán bheith mall nó d'fhéadfadh leis an suiteáil gan tarlú.

- Cas as na **sonraí Móibíleacha** nó **sonraí Ceallaigh** ar do ghuthán cliste.



- Ceangail do ghuthán cliste leis an ródaire gan sreang.



NOTE

- Féach ar an ndeilbhín **Wi-Fi**  sa phainéal rialúcháin chun ceangail Wi-Fi a fhiosrú.

- Glacann an gléas le gréasáin Wi-Fi 2.4 GHz amháin. Déan teagmháil le do sholáthraí seirbhíse idirlín nó breathnaigh ar lámhleabhar do ródaire gan sreang chun minicíocht do ghréasáin a fháil amach.
- Níl LG ThinQ freagrach as aon fhadhb cheangal gréasáin nó oibriúchán fabhtach, nó earráidí, má bhí an ceangal gréasáin mar chúis orthu.
- Má tá fadhb agat ag ceangal an fearas leis an ngréasán Wi-Fi, b'fhéidir go bhfuil sé ró-fhada ón ródaire. Ceannaigh athsheoltóir Wi-Fi (sinteoir raoin) chun an comhartha Wi-Fi a neartú.
- D'fhéadfadh leis an ceangail Wi-Fi stopadh go tobann mar gheall ar an timpeallacht gréasáin baile.
- Mura n-oibríonn an ceangal gréasáin i gceart, d'fhéadfadh leis a bheith mar gheall ar an soláthraí seirbhíse.
- D'fhéadfadh leis an timpeallacht bheith mar chúis ar mhoill sa seirbhís gréasáin gan sreang.
- Ní féidir an gléas a chlárú de bharr fadhbanna le tarchur an chomhartha gan sreang. D'fhéadfadh an gléas agus fan thart ar nóiméad sula mbaineann tú triail arís.
- Má tá balla dóiteáin cumasaithe ar do ródaire gan sreang, díchumasáigh an balla dóiteáin nó cuir eisceacht leis.
- Ní mór d'ainm an ghréasáin gan sreang (SSID) a bheith comhdhéanta le litreacha agus uimhreacha Béarla amháin. (Ná húsáidtear carachtair speisialta).
- D'fhéadfadh le comhéadan úsáideora an ghutháin cliste (UI) a bheith éagsúil ag brath ar chóras oibriúcháin (OS) an déantóra.
- Má tá prótacal slándála an ródaire socraithe mar **WEP**, d'fhéadfá gan bheith ábalta an gréasán a shocrú. Le do thoil, athraigh é go prótacail slándála eile (moltar **WPA2**) agus cláraigh an táirge arís.

Conas LG ThinQ a Shuiteáil

Déan an feidhmiú LG ThinQ a lorg ar an Google Play Store nó ar Apple App Store ar an ghuthán cliste. Lean na treoracha chun an feidhmiú a íoslódáil agus a shuiteáil.

Feidhm Wi-Fi

- Le haghaidh fearais leis an lógó  nó **ThinQ** Úsáid na feidhmeanna cliste áisiúla chun cumarsáid a dhéanamh leis an bhfearas ó gutháin cliste.

Smart Diagnosis™

Má úsáideann tú an feidhm Smart Diagnosis, gheobhaidh tú eolais úsáideach ar nós an bhealach ceart chun an fearas a úsáid de réir padrún úsáide.

Socruithe

Ligeann sé duit roghanna éagsúla a shocrú ar an fhearas agus san fheidhmchlár.

NOTE

- Má athraíonn tú do ródaire gan sreang, soláthraí seirbhíse idirlín, nó pasfhocal, scríos an gléas cláraithe ón bhfeidhmchlár LG ThinQ agus cláraigh arís é.
- Tá an feidhmiú seo faoi réir nuashonra fearais agus na athruithe a thagann leis, gan fógra roimh ré.
- Braitheann an réimse feidhmeanna ar an samháltán.

Ag úsáid an fheidhm péireála Wi-Fi

Nuair atá sé ceangailte leis an idirlíon tríd gréasán baile Wi-Fi, is féidir leat an gléas a rialú i gcian leis an fheidhm d'fhóin cliste.

- Brúigh agus coinnigh brúite na cnaipí **ENERGY CTRL** agus **JET MODE** san am céanna ar 3 shoicind.

NOTE

- Ní féidir é a léamh sa chianrialtán.
- Féach ar an ndeilbhín **Wi-Fi**  sa phainéal rialúcháin chun ceangail Wi-Fi a fhiosrú.



Ag úsáid an fheidhm Wi-Fi

Cumhacht As

Chun idiú cumhachta a ísliú, is féidir leat an ródaire Wi-Fi a chasadh as.

- Brúigh agus coinnigh brúite na cnaipí  agus **FAN SPEED** san am céanna ar 3 shoicind.

NOTE

- Ní féidir é a léamh sa chianrialtán.
- Tar éis do chlárúchán an táirge a chríochnú, castar an ródaire Wi-Fi air nuair a chuireann tú an fheidhm péireála Wi-Fi i staid cumhachta as an ródaire Wi-Fi, agus tá sé ar fáil mar ghuthán cliste cláraithe.

Fógra Faisnéise maidir le Bogearraí Foinse Oscailte

Téigh go dtí <http://opensource.lge.com> chun an cód foinse atá sa táirge seo faoi GPL, LGPL, MPL agus ceadúnais foinse oscailte eile a fháil.

Chomh maith leis an gcód foinse, tá gach téarma ceadúnais, séanadh baránta agus fógra cóipchirt dá dtagraítear ar fáil le haghaidh a n-íoslódála.

Cuirfidh LG Electronics cód foinse oscailte ar fáil duit freisin ar CD-ROM ach táille a íoc a chlúdóidh an costas a bhaineann lena leithéid de dháileadh (cosúil le costais an mheáin, an phostais agus láimhseála) ach ríomhphost a sheoladh chuig opensource@lge.com. Tá an tairiscint seo bailí ar feadh tréimhse trí bliana tar éis don táirge seo a bheith seolta don uair dheireanach. Tá an tairiscint seo bailí do dhuine ar bith a fhaigheann an fhaisnéis seo.

Smart Diagnosis™ le Fón Cliste

- Le haghaidh fearais leis an lógó  nó 

Úsáid an fheidhm seo má tá diagnóis cuimsitheach ag teastáil uait ón lárionad eolais LG Electronics nuair atá oibriúchán fabhtach nó nuair a theipeann ar an bhfearas.

Ní féidir Smart Diagnosis™ a chur ar siúil mura bhfuil an fearas ceangailte leis an gcumhacht. Mura féidir an fearas a chasadh air, is gá fabhtcheartú le Smart Diagnosis™.

NOTE


- Cinntigh go bhfuil an torann timpeallachta íslithe nó ní bheidh do ghuthán ábalta na beeps a fháil ón aonad laistigh.

⚠ RABHADH

- Sula nglantar nó sula ndéantar cothabháil, dícheangail an soláthair cumhachta agus fan go dtí go stopann an fean.

Mura mbeidh an aerchóiritheoir in úsáid go fadtréimhseach, déan é a thriomú chun é a choinneáil slán. Glan an gléas go minic chun an feidhmíocht a choinneáil normálta agus cliseadh a sheachaint.

- Déan an aerchóiritheoir a thriomú sa mhodh Fean ar 3 go 4 uair an chlog agus dícheangail an cumhacht. D'fhéadfadh le tais fágtha istigh damáiste a dhéanamh don gléas.
- Sula n-úsáidtear an aerchóiritheoir arís, déan na páirteanna laistigh a thriomú sa mhodh Feain an aerchóiritheora ar 3 go 4 uair an chlog. Cabhróidh sé sin boladh de bharr an tais a ghlanadh as.




Cineál	Cur síos	Eatramh
Scagaire Aer	Glan le folús nó nigh go cúramach.	2sheachtain
Scagaire mion-deannaigh	Glan le folús nó scuab.	Gach 6 mhí
Ianaitheoir	Úsáid píosa cadás chun aon deannach a bhaint.	Gach 6 mhí
Aonad laistigh	Glan dromchla an aonaid laistigh le píosa éadach bog, tirim.	Go minic
	Is gá don draeinphanna bheith glanta go proifisiúnta.	Gach bliain
	Is gá don draeinphíoba bheith glanta go proifisiúnta.	Gach 4 mhí
	Athraigh cadhnra an cianrialtáin.	Gach bliain
Aonad Amuigh	Is gá do na cornaí an malartóra teasa agus eite an phainéil a ghlanadh go proifisiúnta. (Labhair le teicneoir.)	Gach bliain
	Is gá don fean bheith glanta go proifisiúnta.	Gach bliain
	Is gá don draeinphanna bheith glanta go proifisiúnta.	Gach bliain
	Labhair le teicneoir chun fiosrú má tá an fean daingean go maith.	Gach bliain
	Glan na páirteanna leictreacha uile le haer.	Gach bliain


Glan an Scagaire

Glan na scagairí aer gach dara seachtain, nó níos minice más gá.

- 1 Cas as an cumhacht agus dícheangail an corda cumhachta.
- 2 Oscail an painéal tosaigh.
 - Ardaigh an dá thaobh an clúdaigh beagáinín.



- 3 Beir greim ar na cnóba na scagairí aer, brúigh síos iad beagáinín agus bain iad ón aonad laistigh.




- 4 Glan an scagaire le glantóir folúis nó le huisce alabhog agus glantach neodrach.
- 5 Déan an scagaire a thriomú go nádúrtha gan sólás na gréine.

NOTE

- D'fhéadfadh leis an scagaire aer briseadh nuair a chastar é.
- Mura bhfuil an scagaire aer curtha ann i gceart, tiocfaidh deannach agus salachar eile isteach san aonad laistigh.

Glan an Scagaire mion-deannaigh

- 1 Cas as an cumhacht agus dícheangail an corda cumhachta.
- 2 Bain na scagairí aer ón aonad laistigh.
- 3 Tarraingt amach an Scagaire mion-deannaigh.




- 4 Úsáid glantóir folúis chun salachar a bhaint. Ná nigh an Scagaire mion-deannaigh le huisce, d'fhéadfadh sé damáiste a chur ar an scagaire.

Glan an t-ianaitheoir

Cas as an cumhacht agus dícheangail an corda cumhachta.

Úsáid píosa cadás chun aon deannach a bhaint.



⚠ FOLÁIREAMH

- Cas as an cumhacht agus dícheangail an corda cumhachta sula ndéantar aon cothabháil; d'fhéadfadh leis turraing a spreagadh.
- Ná húsáid uisce atá níos teo ná 40 °C nuair a ghlanann tú na scagairí. D'fhéadfadh le dífhoirmíocht nó dídhathú tarlú dá bharr.
- Ná húsáid substaint galacháin nuair a ghlanann tú na scagairí. D'fhéadfadh leo damáiste a chur ar dhromchla an gléis.
- Ná nigh an scagaire mion-deannaigh le huisce, mar d'fhéadfadh leis damáiste a dhéanamh.

NOTE

- D'fhéadfadh suíomh agus cruth na scagairí a bheith difriúil de réir samhltáin.
- Ná déan dearmad cornaí an mhalartóra teasa san aonad lasmuigh a ghlanadh go minic. D'fhéadfadh deanach bailithe ar na cornaí moill a chur leis an oibríocht nó costais aibhléise a chur in airde.

Feidhm Féin-Dhiagnóis

Tá feidhm féin-dhiagnóis curtha ann sa ghléas. Má tharlaíonn earráid, beidh lampa an aonad laistigh ag bobáil in eatraimh 2 shoicind. Má tharlaíonn sé, déan teagmháil leis an déileóir áitiúil nó ionad seirbhíse.

Sula nglaotar le Seirbhíse

Fiosraigh an méid seo sula ndéanann tú teagmháil leis an ionad seirbhíse. Má fhanann an fhadhb ann, labhair le hionad seirbhíse áitiúil.

Fadhb	Cúiseanna dochúl á & Beart Ceartaitheach
Ní oibríonn an aerchóiritheoir i gceart.	Tá boladh dóiteáin agus torann ait ag teacht ón aonad. • Cas as an aerchóiritheoir, dícheangail an sreang cumhachta nó dícheangail an soláthair cumhachta agus labhair le hionad seirbhíse.
	Uisce ligthe ón aonad laistigh fiú nuair atá an leibhéal tais íseal. • Cas as an aerchóiritheoir, dícheangail an sreang cumhachta nó dícheangail an soláthair cumhachta agus labhair le hionad seirbhíse.
	Tá damáiste sa sreang cumhachta nó tá sé ag giniú an iomarca teas. • Cas as an aerchóiritheoir, dícheangail an sreang cumhachta nó dícheangail an soláthair cumhachta agus labhair le hionad seirbhíse.
	Níl lasc, scoradán ciorcaid (slándáil, talamh), nó aidhnín ag oibriú i gceart. • Cas as an aerchóiritheoir, dícheangail an sreang cumhachta nó dícheangail an soláthair cumhachta agus labhair le hionad seirbhíse.
	Giníonn an aonad cód earráide ón uath-dhiagnóis. • Cas as an aerchóiritheoir, dícheangail an sreang cumhachta nó dícheangail an soláthair cumhachta agus labhair le hionad seirbhíse.
Ní oibríonn an aerchóiritheoir.	Tá an aerchóiritheoir dícheangailte. • Fiosraigh má tá an corda cumhachta ceangailte leis an asraon nó má tá na aonraitheora cumhachta casta air.
	Phléasc aidhnín, nó tá an soláthair cumhachta blocáilte. • Athraigh an aidhnín nó fiosraigh má tá an scoradán ciorcaid fabhtach.
	Do tharla fabht sa chumhacht. • Cas as an aerchóiritheoir nuair a tharlaíonn cliseadh cumhachta. • Nuair atá an cumhacht athshlánaithe, fan 3 nóiméad, agus cas air an aerchóiritheoir.
	Tá an voltas ró-ard nó ró-íseal. • Fiosraigh má tá an scoradán ciorcaid tar éis teipeadh.
	Bhí an aerchóiritheoir casta as go huathoibríoch ag am socraithe. • Cas an aerchóiritheoir air.
	Tá an socrú cadhnra sa chianrialtán mícheart. • Cinntigh go bhfuil gach cadhnra curtha isteach i gceart sa chianrialtóir. • Má tá siad curtha i gceart, ach ní oibríonn an aerchóiritheoir fós, athraigh gach cadhnra agus bain triail eile.

Fadhb	Cúiseanna dochúlá & Beart Ceartaitheach
Ní scaoileann an aerchóiritheoir aer fuar.	Níl an aer ag ciorclú i gceart. • Cinntigh nach bhfuil cuirtíní nó troscán ag blocáil an taobh tosaigh an aerchóiritheora.
	Tá an scagaire aer salach. • Glan an scagaire aer gach dara seachtain. • Féach ar "Glan an Scagaire" chun tuilleadh eolais a fháil.
	Tá an teocht seomra ró-ard. • Sa samhradh, d'fhéadfadh leis an fuarthú laistigh bheith mall. Sa chás sin, roghnaigh an Mhodh Jet chun an aer a fhuarthú go gasta laistigh.
	Tá aer fuar á ligeadh ón seomra. • Cinntigh nach bhfuil aon aer fuar á ligeadh ó na pointí aerú sa seomra.
	Bíonn an teocht gur mian bheith ann níos airde ná an teocht ann faoi láthair. • Socraigh an teocht atá uait ar leibhéal níos ísle ná an teocht reatha.
	Tá foinse teas in aice leis. • Ná húsáidtear ginitheoir teas ar nós oigheann nó cócaireán nuair atá aerchóiritheoir ag oibriú.
	Tá modh fean roghnaithe. • I rith modh fean, scaoiltear aer ón aerchóiritheoir gan é a fhuarthú nó a théamhú. • Athraigh an mhodh oibriúcháin go oibriúchán fuarthú.
	Tá an teocht ró-ard lasmuigh. • D'fhéadfadh gan an éifeacht fuarthú bheith leor.
Ní féidir an luas feain a athrú.	Tá an Modh Jet nó an Modh Uathoibriúcháin roghnaithe. • I modhanna oibriúcháin áirithe, ní féidir leat luas an feain a athrú. Roghnaigh modh oibriúcháin ina féidir leat luas an feain a athrú.
Ní féidir an teocht a athrú.	Tá an mhodh Jet nó Feain roghnaithe. • I modhanna oibriúcháin áirithe, ní féidir leat teocht a athrú. Roghnaigh modh oibriúcháin ina féidir leat teocht a athrú.
Stopann an aerchóiritheoir i rith oibriúcháin.	Castar an aerchóiritheoir as go tobann. • D'fhéadfadh leis an fheidhm amadóra bheith ar sos, agus casann sé an aonad as. Fiosraigh socruithe an amadóra
	Do tharla fabht sa chumhacht i rith oibriúcháin. • Fan go bhfuil an cumhacht ar ais. Má tá an fheidhm Uath-atosú cumasaithe agat, atosóidh an aonad an oibriúchán is déanaí cúpla nóiméad tar éis don cumhacht bheith ar ais.
Tá an aonad laistigh ag oibriú fós fiú nuair atá an cumhacht casta as.	Tá an fheidhm uath-ghlan á n-oibriú. • Is gá don fheidhm Uath-ghlan leanúint ar aghaidh mar baineann sé gach tais fágtha taobh istigh den aonad laistigh. Mura bhfuil an fheidhm sin uait, is féidir an aonad a chasadh as.
Tá asraon an aonad laistigh ag scaoileadh ceocháin.	Déanann an aer fuar ón aerchóiritheoir ceocháin. • Nuair a n-íslíonn an teocht, imeoidh sé sin.
Tá uisce á ligeadh ón aonad amuigh.	Sna oibriúcháin téamhú, titeann uisce comhdhlúite ón malartóir teasa. • De réir an simtóim sin, is gá píobán draenála a shuiteáil faoin bpan chúl. Labhair leis an suiteálal.

Fadhb	Cúiseanna dochúlú & Beart Ceartaitheach
Tá torann nó creathadh ann.	Is féidir fuaime clic a chloisteáil nuair a thosaíonn an aonad nó stopann sé mar gheall ar an ngluaiseacht sa chomhla cúlú. Fuaim briseadh: Briseann na páirteanna pláisteacha an aonaid laistigh nuair a chrapann nó nuair a leathnaíonn siad de bharr athruithe tobann. Fuaim sreabhadh nó séideadh: Seo an sruth cuisneáin tríd an aerchóiritheoir. • Is siomptóim normálta iad. Stopfaidh an torann.
Scaoileann an aonad laistigh boladh.	D'fhéadfadh le boladh (ar nós deatach tobac) bheith súite isteach ag an aonad agus scaoilte leis an aer. • Mura n-imíonn an bholadh riamh, is gá duit an scagaire a ghlanadh. Mura n-oibríonn sé, labhair le hionad seirbhíse chun an malartóir teasa a ghlanadh duit.
Ní scaoileann an aerchóiritheoir aer te.	Nuair a thosaíonn an mhodh téamhú, tá an eite beagnach dúnta, agus ní thagann aon aer amach, fiú tríd an aonad amach ag oibriú. • Is siomptóm normálta é. Fan go bhfuil an aonad tar éis go leor aer te a ghiniú chun é a scaoileadh ar an aonad laistigh.
	Tá an aonad laistigh sa mhodh dí-reoite. • Sa mhodh téamhú, tagann oighear ar na gcornaí nuair atá an teocht ró-íseal amuigh. Bainneann an fheidhm seo beagán reoáin sa chornaí agus de ghnáth críochnaíonn sé i 15 nóiméad.
	Tá an teocht ró-íseal lasmuigh. • D'fhéadfadh gan an éifeacht téamhú bheith leor.
Níl do ghléas baile agus guthán cliste ceangailte leis an ngréasán Wi-Fi.	Tá an pasfhocal i gcomhair Wi-Fi mícheart in úsáid agat le ceangal. • Faigh an gréasán Wi-Fi ceangailte le do ghuthán cliste agus bain é, ansin cláraigh do ghléas ar LG ThinQ.
	Tá sonraí Móibileach ar siúl do do ghuthán cliste. • Múch na sonraí Móibileach do ghutháin cliste agus úsáid an gréasán Wi-Fi le do ghléas a chlárú.
	Tá an t-ainm gréasáin gan sreang (SSID) socraithe go mícheart. • Ní mór d'ainm an ghréasáin gan sreang (SSID) a bheith comhdhéanta le litreacha agus uimhreacha Béarla amháin. (Ná húsáidtear carachtair speisialta).
	Níl minicíocht an ródaire cothrom le 2.4 GHz. • Ní ghlactar ach le minicíocht ródaire 2.4 GHz. Socraigh an ródaire gan sreang ar 2.4 GHz agus ceangail an gléas leis an ródaire gan sreang. Chun minicíocht a sheiceáil, cuir ceist ar an soláthraí seirbhíse idirlíne nó déantóir an ródaire.
	Tá an t-achar idir an gléas agus an ródaire ró-mhór. • Má bhíonn an t-achar idir an gléas agus an ródaire ró-mhór, d'fhéadfadh leis an gcomhartha bheith lag agus leis an gceangal gan bheith cumasaithe i gceart. Cuir an ródaire áit eile, níos cóngaraí don gléas.

NOTE

- D'fhéadfadh le cúpla feidhm gan bheith ar fáil de réir an samháltán.

Memo

KORISNIČKO UPUTSTVO

KLIMA UREĐAJ



Pažljivo pročitajte ovo korisničko uputstvo pre rukovanja proizvodom i uvek ga držite pri ruci ako vam zatreba.

TIP: ZIDNI

Ovaj priručnik može sadržati slike ili sadržaje koji se razlikuju od modela koji ste kupili.
Ovo uputstvo podleže reviziji od strane proizvođača.

UPUTSTVA ZA BEZBEDNOST	3
VAŽNA BEZBEDNOSNA UPUTSTVA	3
Napomene za rad	8
RAD.....	9
Delovi i funkcije.....	9
Bežični daljinski upravljač.....	10
Automatsko ponovno pokretanje klima uređaja.....	14
Korišćenje funkcije režima.....	14
Korišćenje funkcije brzog režima.....	16
Korišćenje funkcije brzine ventilatora	17
Korišćenje funkcije za pravac protoka vazduha	17
Podešavanje tajmera za uključivanje/isključivanje	18
Korišćenje funkcije mirovanja	19
Korišćenje funkcije za gašenje svetla.....	19
Korišćenje funkcije prijatnog vazduha	19
Korišćenje funkcije za kontrolu potrošnje energije	20
Korišćenje specijalnih funkcija.....	21
PAMETNE FUNKCIJE	23
Upotreba aplikacije LG ThinQ	23
ODRŽAVANJE	26
Čišćenje filtera za vazduh.....	27
Čišćenje Mikrofiltera za prašinu.....	27
Očistite jonizator	28
REŠAVANJE PROBLEMA.....	29

Naredne bezbednosne smernice imaju za cilj da spreče nepredviđene rizike ili štetu od nebezbednog ili nepravilnog korišćenja proizvoda. Ove smernice se dele na „UPOZORENJE” i „OPREZ” kao što je opisano ispod.

 Ovaj simbol stoji uz pojmove i operacije koji mogu da predstavljaju rizik. Pažljivo pročitajte deo sa ovim simbolom i pratite uputstva kako biste izbegli rizik.

UPOZORENJE

Ovo znači da nepoštovanje uputstava može da dovede do ozbiljne povrede ili smrti.

OPREZ

Ovo znači da nepoštovanje uputstava može da dovede do manje povrede ili oštećenja proizvoda.

Na unutrašnjoj i spoljašnjoj jedinici nalaze se sledeće oznake.

 Ova oznaka pokazuje da uređaj koristi zapaljivo rashladno sredstvo. Ako rashladno sredstvo iscuri i ako se izloži spoljašnjem izvoru paljenja, postoji opasnost od požara.

 Ova oznaka pokazuje da treba pažljivo pročitati uputstvo za upotrebu.

 Ova oznaka pokazuje da servisno osoblje treba da koristi ovu opremu prema smernicama iz uputstva za ugradnju.

 Ova oznaka pokazuje da su dostupne informacije, kao što su uputstvo za upotrebu ili uputstvo za ugradnju.

VAŽNA BEZBEDNOSNA UPUTSTVA

UPOZORENJE

